Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Meán Fómhair 2021
(OR. en)

11832/21
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2016/0107(COD)

CODEC 1216
DRS 44
COMPET 632
ECOFIN 843
FISC 143

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh ag gnóthais agus brainsí **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an tseasaimh ón gComhairle ar an gcéad léamh agus an ráitis ar chúiseanna na Comhairle<br>= Ráitis |

## Ráiteas ón gCróit

Tacaíonn an Chróit go hiomlán leis an trédhearcacht cánach ach, mar sin féin, fearacht roinnt Ballstáit eile, is é an tuairim atá aici gurb é Airteagal 115 CFAE an bunús dlí ab iomchuí seachas Airteagal 50(1). Aontaíonn an Chróit go hiomlán leis an tuairim ó sheirbhís dlí na Comhairle an 11 Samhain 2016, tagairt 2016/0107 (COD), FISC 194, inar leagadh amach gur cheart an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh a bhunú ar Airteagal 115 CFAE ós rud é go mbaineann idir aidhm agus ábhar an togra le 'forálacha fioscacha', agus is é an tuairim atá aici, dá réir sin, go mba chirte an togra a bheith pléite ag Comhairle ECOFIN, agus aird chuí á tabhairt ar na rialacha nós imeachta ábhartha.

Ina theannta sin, is é an tuairim atá ag an gCróit nár cheart go mbeadh an Togra comhaontaithe ina fhasach don vótáil trí thromlach cáilithe sa phróiseas cinnteoireachta amach anseo maidir le cúrsaí cánach.

**<u>Ráiteas ón gCipir, ó Phoblacht na Seice, ón Ungáir, ó Éirinn, ó Lucsamburg, ó Mhálta agus ón tSualainn</u>**

D'ainneoin na tacaíochta ginearálta atá curtha in iúl ag gach toscaireacht don trédhearcacht cánach agus d'ainneoin an phlé chuidithigh arna éascú ag an Uachtaránacht, tá ábhair imní fós ag an gCipir, ag Poblacht na Seice, ag an Ungáir, ag Éirinn, ag Lucsamburg, ag Málta agus ag an tSualainn maidir le bunús dlí na Treorach seo atá á beartú, agus measann siad nach mór an togra le haghaidh Treoir lena leasaítear Treoir 2013/34/AE a mhéid a bhaineann le faisnéis faoi cháin ioncaim a bheith á nochtadh a bhunú ar Airteagal 115 CFAE ós rud é go mbaineann idir aidhm agus ábhar an togra le 'forálacha fioscacha', agus diúltaíonn siad, dá bhrí sin, gurb iomchuí bunús dlí an togra tosaigh, i.e. Airteagal 50(1) CFAE.